An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Nuatheangacha Iasachta:
Tuairisc ar Cháilíocht an Chleachtais in Iar-Bhunscoileanna

INSPECTORATE: EXCELLENCE IN LEARNING FOR ALL
AN CHIGIREACHT: FEABHAS NA FOGHLAMA DO CHÁCH

Aibreán 2020

Nuatheangacha Iasachta:
Tuairisc ar Cháilíocht an Chleachtais in Iar-Bhunscoileanna

An Chigireacht

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá 5

1.1 Feidhm na tuairisce seo 5

1.2 Léargas Ginearálta 6

1.3 NTI: An comhthéacs luathfhoghlama agus cúraim 7

1.4 NTI: An comhthéacs bunscoile 7

1.5 NTI: An comhthéacs iar-bhunscoile 7

2. An Tuairisc 9

2.1 Fócas 9

2.2 Modheolaíocht 9

3. Foghlaim teanga i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim agus i mbunscoileanna 11

3.1 Suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim 11

3.2 Bunscoileanna 12

4. Cé chomh héifeachtach atá rannpháirtíocht NTI ag foghlaimeoirí in iar-bhunscoileanna? 14

4.1 Timpeallacht foghlama 14

4.2 Rannpháirtíocht foghlaimeoirí 14

4.3 Taitneamh agus spreagadh scoláirí 15

5. Cé chomh héifeachtach atá cleachtais reatha teagaisc in NTI? 19

5.1 Gnóthachtáil cuspóirí foghlama 19

5.2 Tacaíocht ionranga do riachtanais foghlama 19

5.3 Ullmhúchán teagaisc agus bainistíocht ranga 20

5.4 Cuir chuige teagaisc 21

5.5 Tacaíocht ionscoile do scoláirí EAL 22

6. Achoimre ar Chinntí agus moltaí le haghaidh forbartha 23

6.1 Torthaí foriomlána 23

6.2 Na chéad chéimeanna eile: 24

7 Machnamh ar NTI - Próiseas na Féinmheastóireachta Scoile 26

Buíochas 29

1 Réamhrá

1.1 Feidhm na tuairisce seo

In *Déanann Teangacha Nasc - Straitéis na hÉireann do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026* agus sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas* thug an Chigireacht tiomantas do thacaíocht dhearfach a thabhairt d'oideachas ardchaighdeáin teangacha iasachta d'fhoghlaimeoirí. Áirítear leis seo comhairle agus treoir do scoileanna faoi úsáid na féinmheastóireachta scoile agus na pleanála scoile chun oideachas teangacha iasachta a fheabhsú agus faoi réimse de chuir chuige meastóireachta chun monatóireacht a dhéanamh agus tuairisciú ar cháilíocht oideachas teangacha iasachta. Ar bhonn níos sainiúla, faoi Ghníomh 1.C.8 de *Déanann Teangacha Nasc*, dúradh 'go ndéanfadh Cigireacht ROS [An Roinn Oideachais agus Scileanna] ráiteas ar stádas na foghlama teangacha iasachta in 2019, bunaithe ar thuairiscí cigireachta, agus ar ionchuir eile, agus go rialta ina dhiaidh sin'.

Tá an tuairisc leagtha amach go príomha chun léargas a thabhairt ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i leith nuatheangacha iasachta (NTI) in iar-bhunscoileanna agus chun cuidiú le scoileanna agus/nó le múinteoirí aonair teagasc agus foghlaim NTI a fheabhsú. Sa doiciméad seo, cuirtear i láthair buntorthaí na gcigireachtaí ábhar iar-bhunscoile ar NTI a rinneadh idir Deireadh Fómhair 2016 agus Meán Fómhair 2019. Le linn na tréimhse sin, rinneadh 94 cigireacht ábhair NTI i réimse leathan d'iar-bhunscoileanna ar fud na hÉireann.

Ós rud é nach cuid de na curaclaim luath-óige ná bunscoile iad nuatheangacha iasachta ní ann do thuairiscí cigireachta ónar féidir sonraí a bhaineann le NTI a bhaint. Mar sin féin, shonraigh cigirí cleachtais nuálaíocha i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim agus i mbunscoileanna a bhaineann le scileanna sealbhaithe teanga do pháistí nach é an Béarla a máthairtheanga. Cuimsítear sa tuairisc seo mír ar eispéireas na bpáistí sin ar fhoghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil difear idir an comhthéacs i suíomhanna luathóige agus bunscoile i gcás páistí a bhfuil máthairtheanga seachas an Béarla acu agus daltaí a bhíonn ag foghlaim nuatheanga iasachta in iar-bhunscoileanna.

Tá an dá chomhthéacs san áireamh, áfach, óir ailíníonn siad leis an bprionsabal, 'teangacha do chách', faoi mar atá leagtha amach i straitéis Déanann Teangacha Nasc. Lena chois sin, de réir taighde idirnáisiúnta, tacaíonn foghlaim teangacha sa chomhthéacs luathfhoghlama agus cúraim agus i mbunscoileanna le foghlaim NTI san oideachas iar-bhunscoile.

Ar an dóigh seo, cuirfear ar fáil sa tuairisc roinnt faisnéis bhunlíne don chóras maidir le cur chun feidhme *Déanann Teangacha Nasc*. Tá d'aidhm aici fosta bonn eolais a chur faoi bhearta ba chóir a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir na cuspóirí náisiúnta NTI a bhaint amach.

1.2 Léargas Ginearálta

Is sochaí ilteangach agus ilchultúrtha í Éire, atá lán-rannpháirteach sa saol domhandaithe. Tá eolas ar theangacha iasachta riachtanach faoi choinne ár bhforbartha cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta, go háirithe i gcomhthéacs timpeallacht idirnáisiúnta pholaitíochta atá ag athrú.

In áiteanna cónaithe ar fud na tíre, tá naíonáin ag éisteacht le focail á labhairt sa Bhéarla, Gaeilge, Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis agus réimse de theangacha eile. Ónár gcéad fhocail agus frásaí ó bhéal go dtí go bhforbraímis cumas léimh agus scríofa, is cuid ríthábhachtach dár bhféiniúlacht dhaonna í an teanga.

Tá traidisiún fada leitheadach den fhoghlaim teangacha iasachta inár gcóras oideachas iar-bhunscoile. Foghlaimíonn scoláirí idir Ghaeilge agus Bhéarla ón mbunscoil ar aghaidh agus déanann líon suntasach scoláirí staidéar ar theanga iasachta in iar-bhunscoileanna. Lena chois sin, tá cohórt mór scoláirí in Éirinn anois nach é an Béarla an mháthairtheanga acu. Is deis mhaith í an cohórt scoláirí seo, chomh maith leis na daltaí a fhoghlaimíonn dhá theanga ar an mbunscoil, chun tacú le foghlaim nuatheangacha iasachta sa tír seo.

Is tráth cinniúnach é seo maidir le foghlaim NTI in iar-bhunscoileanna na hÉireann agus tugadh roinnt forbairtí nuálaíocha curaclaim isteach le déanaí. Ag an tsraith shóisearach, tugadh isteach sonraíocht nua don Fhraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis agus forbraíodh fosta gearrchúrsaí amhail Teanga agus Cultúr na Síne, agus an Rúisis. Lena chois sin, forbraíodh gearrchúrsaí Liotuáinise agus Polainnise mar theangacha oidhreachta. Tá aonaid foghlama i dteangacha amhail an tSeapáinis agus an Chóiréis á dteagasc i roinnt scoileanna mar chuid den chlár Idirbhliana. Tá pleananna ann chun cur le sonraíochtaí curaclaim ag an tsraith shinsearach sa Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis agus Portaingéilis ó 2020.

Forbraíodh *Déanann Teangacha Nasc* i gcomhthéacs *an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas, 2016-2019*.[1] Ar na haidhmeanna atá ag an *bPlean Gníomhaíochta don Oideachas* bhí oideachas teanga a fhorbairt in Éirinn agus tacú leis. Leagtar amach ann fís do shochaí ina ndéantar talamh slán de chumas teanga iasachta amháin ar a laghad a fhoghlaim agus a úsáid mar gheall ar a luach nádúrtha do dhaoine aonair, don tsochaí agus don gheilleagar. [2]

In *Déanann Teangacha Nasc* tá ceithre bhunsprioc straitéiseacha:

1 Inniúlacht teanga a fheabhsú trí thimpeallacht foghlama níos tarraingtí a chruthú

2 Glacadh le foghlaim teangacha mar ábhar a éagsúlú agus a mhéadú agus teangacha na nÉireannach nua a chothú

3 Feasacht ar an tábhacht atá le foghlaim teangacha a mhéadú chun an úsáid is leithne teangacha iasachta a chur chun cinn

4 Cur le rannpháirtíocht fostóirí i bhforbairt agus úsáid teangacha tráchtála.

Sa chéad sprioc, cuirtear ról ar fáil don Chigireacht; trína próisis mheastóireachta agus chomhairleacha, féadann an Chigireacht tacú le scoileanna agus iad ag iarraidh oideachas ardchaighdeáin teangacha iasachta a chur ar fáil dá bhfoghlaimeoirí.[3]

1 An Roinn Oideachais agus Scileanna, (2016) *An Plean Gníomhaíochta don Oideachas, 2016-2019*.
2 Ibid.
3 An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017, *Déanann Teangacha Nasc - Straitéis na hÉireann do Teangacha Iasachta san Oideachas, 2017-2026.*

1.3 NTI: An comhthéacs luathfhoghlama agus cúraim

Chun go n-éireoidh le heispéiris luathfhoghlama teanga, caithfear leanaí óga a spreagadh chun a bhfeasacht ar theangacha a fhorbairt agus chun spéis a chur iontu. Tarlaíonn sé seo trí fhiosrú spraíúil lena máthairtheanga agus trí réimsí spéise atá ag teacht chun cinn a fhorbairt i dteangacha eile, mar shampla, trí chluichí, amhránaíocht, rímeanna, póstaeir agus laethanta cultúrtha.

Is iondúil nach cuid den eispéireas luathfhoghlama agus cúraim í foghlaim nuatheanga iasachta in Éirinn an lae inniu. In *Creatlach Cáilíochta Luathbhlianta*[4] na Cigireachta, áfach, tá treoir do chleachtóirí luathfhoghlama agus cúraim ar cén chaoi grá do theanga a chothú. Sa chreatlach sin déantar tagairt do scileanna teanga atá ag teacht chun cinn a chothú, foghlaim teanga ag leanaí a shíneadh le linn súgartha, a luach a thabhairt go dearfach don teanga a labhraíonn leanaí sa bhaile agus a chinntiú go bhfuil na teangacha teaghlaigh seo le feiceáil i dtimpeallacht chlóite an tsuímh luathfhoghlama agus cúraim. Ina theannta sin, cuimsítear sa chreatlach fócas ar an bhfoghlaim do leanaí nach é an Béarla a máthairtheanga, an luach a chuireann na leanaí seo ar a dteanga theaghlaigh agus a dtuiscint ar an gcaoi ar féidir teangacha difriúla a úsáid le daoine difriúla agus i gcásanna difriúla.

Tugtar tacaíocht sa Chreatlach Cáilíochta Luathbhlianta do dhá sprioc de na bunspriocanna straitéiseacha in *Déanann Teangacha Nasc:*

1 Inniúlacht teanga a fheabhsú trí thimpeallacht foghlama níos tarraingtí a chruthú

2 Feasacht ar an tábhacht atá le foghlaim teanga a mhéadú chun an úsáid is leithne teangacha iasachta a chur chun cinn.

1.4 NTI: An comhthéacs bunscoile

Ó tháinig deireadh leis an Tionscnamh Nuatheangacha i mBunscoileanna (MLPSI) in 2012, níl aon chlár náisiúnta ann a bhaineann le foghlaim nuatheangacha iasachta ag leibhéal na bunscoile. Mar sin féin, mar a foráladh in *Déanann Teangacha Nasc*, is gairid go bhfoilseoidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) Dréachtchreatlach Curaclam Bunscoile. Sa doiciméad seo tá moladh chun nuatheangacha iasachta a chuimsiú mar réimse ábhair do dhaltaí ó rang a trí ar aghaidh sa bhunscoil.

Lena chois sin, tá ról tábhachtach ag bunscoileanna chun meonta dearfacha a chothú ar fhoghlaim teanga agus inniúlacht teanga daltaí a fheabhsú. Féadann múinteoirí timpeallacht foghlama a chruthú atá tarraingteach agus saibhir ó thaobh ábhair chlóite de ina dtugtar a luach do theangacha agus ina gceiliúrtar iad. Tá ról ríthábhachtach ag múinteoirí bunscoile go háirithe i stór focal daltaí a mhéadú agus i bhforbairt a scileanna cumarsáide sa Bhéarla agus sa Ghaeilge; féadann sé seo tionchar dearfach a bheith aige ar acmhainn daltaí amach anseo chun teangacha iasachta a fhoghlaim. Mar is léir ó na cás-staidéir i mír a trí den tuairisc seo, is sampla eile é tacú le daltaí ar teanga bhreise acu é an Béarla den dóigh a dtacaíonn bunscoileanna le forbairt teanga ar an iomlán.

1.5 MFL: An comhthéacs iar-bhunscoile

Tharla athchóiriú suntasach ag an leibhéal náisiúnta mar gheall ar thabhairt isteach *an Chreata don tSraith Shóisearach* in 2015. Tugtar le chéile sa chreat curaclaim scileanna-bhunaithe seo

4 An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018, *Treoir don Chigireacht Oideachais Luathbhlianta (EYEI).*

comhthuiscint ar an mbealach ar chóir cleachtais teagaisc, foghlama agus mheasúnachta a fhorbairt chun tacú le soláthar córais oideachais ardchaighdeáin atá cuimsitheach, ábhartha agus a fhreastalóidh ar riachtanais scoláirí na sraithe sóisearaí sa lá atá inniu ann agus feasta. Leis na prionsabail, ráitis foghlama agus bunscileanna tá struchtúr ar fáil do scoileanna chun a gclár sraithe sóisearaí a cheapadh.

Is i gcomhthéacs an Chreata don tSraith Shóisearach a tugadh isteach sonraíocht aonair sraithe sóisearaí i nuatheangacha iasachta in 2017. Is ionann é seo agus athrú suntasach i dteagasc agus foghlaim sa chéim sin oideachais. Is mó anois an fócas ar fhorbairt scileanna béil foghlaimeoirí agus ar chomhoibriú idir múinteoirí teangacha.

Bunsprioc de chuid phlean cur chun feidhme *Déanann Teangacha Nasc* is ea a chinntiú, faoi 2026, go n-ardófar an céatadán iarrthóirí a shuífidh scrúdú NTI sa tsraith shóisearach ó 87% in 2016 go 100% in 2026. Tá sé seo ar aon dul le ráiteas foghlama a dó sa Chreat don tSraith Shóisearach ina sonraítear go n-éisteann, labhraíonn, léann agus scríobann an scoláire in T2 agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá oiriúnach dá c(h)umas. Faoi láthair, is iad an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Spáinnis na NTInna atá ar fáil le staidéar a dhéanamh orthu ag leibhéal lánsonraíochta sa tsraith shóisearach.

Tá sonraíocht nuatheangacha iasachta na sraithe sóisearaí eagraithe thart ar thrí shnáithe chomhtháite:

- Inniúlacht chumarsáideach
- Feasacht teanga
- Eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha.

Tá na snáithí seo briste anuas a thuilleadh ina n-eilimintí agus sainítear fosta na torthaí foghlama a bhaineann le gach eilimint. Tacaítear go gníomhach le foghlaim teanga ag scoláirí nuair a fhorbraítear a n-inniúlacht chumarsáideach, feasacht teanga agus eolas soch-chultúrtha ar shlí chomhtháite.

Is ionann forbairt gearrchúrsaí i dteangacha agus cur chuige níos uileghabhálaí i leith teagasc teangacha. Éascaíonn sé scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó scoláirí ar mian leo staidéar a dhéanamh ar theanga bhreise. Tacaítear fosta le scoláirí de chúlra 'teanga oidhreachta', is é sin, scoláirí atá eolach ar theanga bhaile nach Béarla ná Gaeilge í.

Sa tsraith shinsearach, tharla idirghabhálacha suntasacha le go gcuirfí san áireamh athrú sóisialta agus geilleagrach. San áireamh leis seo tá tabhairt isteach teangacha breise Áiseacha san Idirbhliain. Le cois na NTInna traidisiúnta, tá Seapáinis, Rúisis agus Araibis ar fáil fosta mar ábhair Churaclaim Ardteistiméireachta. Is é an aidhm atá ag idirghabhálacha den sórt cur leis an réimse teangacha a bheidh ar fáil le staidéar a dhéanamh orthu, freagairt do riachtanais gheilleagair agus cuid de na teangacha oidhreachta is forleithne a labhraítear sa tír a chur chun cinn.

2 An Tuairisc

2.1 Fócas

Déanann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) meastóireacht agus tuairiscíonn ar chaighdeán an tsoláthair oideachais d'fhoghlaimeoirí i suíomhanna luathbhlianta, scoileanna, ionaid oideachais agus i suíomhanna eile. Tá ról tacaíochta agus chomhairleach ag an gcigireacht fosta nuair a bhíonn meastóireachtaí á ndéanamh. Tríd an bplé, tuairisciú agus foilsiú, scaipeann an chigireacht torthaí a cuid meastóireachtaí agus foilsíonn comhairle ar cén chaoi obair soláthraithe oideachais agus foghlaim leanaí agus daoine óga a fheabhsú. Is é cuspóir na tuairisce seo ar nuatheangacha iasachta:

- Dioscúrsa faoi chaighdeán reatha an oideachais NTI in iar-bhunscoileanna a spreagadh agus a éascú
- Eiseamláirí den dea-chleachtas foghlaim teanga sna hearnálacha iar-bhunscoile, bunscoile agus luathbhlianta araon a chur ar fáil
- Faisnéis bhunlíne faoi oideachas NTI a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi fheidhmiú breise polasaí náisiúnta ar NTI agus ar féidir dul chun cinn i bhfeidhmiú an pholasaí úd amach anseo a mheas ina leith.

Fiosraítear sa tuairisc dhá chroícheist a bhaineann le foghlaim NTI in Éirinn:

1 Cé chomh héifeachtach atá rannpháirtíocht foghlaimeoirí in NTI?

2 Cé chomh héifeachtach atá cleachtais reatha teagaisc in NTI?

2.2 Modheolaíocht

Tarraingíonn an tuairisc seo ar shonraí a tiomsaíodh ó na 94 cigireacht ábhair ar NTI a rinneadh mar chuid den ghnáthchlár cigireachta idir Deireadh Fómhair 2016 agus Meán Fómhair 2019. Leis an tsamhail cigireachta ábhair, gona fócas ar theagasc agus foghlaim teanga, cuirtear ar fáil léargas lán d'eolas saibhir ar ghnéithe de chleachtas a breathnaíodh i scoileanna le linn thréimhse 2016-2019. Aibhsítear sna sonraí réimse cleachtais atá ag feidhmiú go maith, chomh maith le réimsí a bhfuil tuilleadh airde agus forbartha de dhíth iontu.

Lena chois sin, tionóladh meitheal Nuatheangacha Iasachta, ar a raibh cigirí luathbhlianta, bunscoile agus iar-bhunscoile, in 2018. An réimse tagartha a bhí acu taighde a dhéanamh ar fheidhmiú tosaigh *Déanann Teangacha Nasc* i scoileanna. Is le linn 2019 a rinne an mheitheal a cuid taighde. Forbraíodh ceisteanna treoraithe chun comhráite a spreagadh idir cigirí agus na scoileanna agus na suíomhanna ar thug siad cuairt orthu faoi réimsí a bhain leis an taighde. Le linn roinnt meastóireachtaí, bhí na cigirí i mbun comhráití le foirne bainistíochta sinsearacha, comhordaitheoirí ábhar, le múinteoirí agus cleachtóirí chun a fháil amach a fheasaí a bhí siad ar *Déanann Teangacha Nasc*. Cuimsíodh roinnt bheag critéir bhreise meastóireachta a raibh baint dhíreach acu le *Déanann Teangacha Nasc*

le linn cigireachtaí a rinneadh i sampla d'iar-bhunscoileanna, bunscoileanna agus i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim.

Critéir bhreise éagsúla a bhí i gceist, ag brath ar an earnáil oideachais a rabhthas ag déanamh cigireachta uirthi. Mar shampla, ag an leibhéal iar-bhunscoile, i measc na gceisteanna a cuireadh ar mhúinteoirí, ar bhainisteoirí sinsearacha nó ar chomhordaitheoirí ábhair bhí:

- Cén chaoi ar úsáid scoláirí an sprioctheanga?
- An nglacann scoláirí páirt i dtionscnaimh theanga?
- Cén éagsúlacht soláthar teanga atá ar fáil do scoláirí?
- Cén chaoi a bhfuil teangacha oidhreachta á gcur chun cinn sa scoil, má tá ar chur ar bith?
- Cén chuma atá ar fheasacht agus cur chun cinn an úsáid is leithne teangacha sa scoil?
- Cén machnamh a dhéantar, más ann dó, ar FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha),

D'fhonn comhsheasmhacht agus iontaofacht comhghrádaitheoirí a chur chun cinn i measc cigirí maidir le feidhmiú na gcritéar breise meastóireachta, rinne cigirí de chuid na dtrí earnáil uile (luathbhlianta, bunscoil, iar-bhunscoil) na critéir uile a athbhreithniú. Ansin, rinne cigirí leibhéil cháilíochta a shannadh, ag úsáid chontanam cáilíochta na Cigireachta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, mar atá leagtha amach sa tábla thíos:

Rátáil	Cur síos
An-mhaith	Úsáidtear ***An-mhaith*** áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard.
Go Maith	Úsáidtear ***Go maith*** áit inar léir go bhfuil na láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh.
Sásúil	Úsáidtear ***Sásúil*** áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith.
Measartha	Úsáidtear ***Measartha*** áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí.
Lag	Úsáidtear ***Lag*** áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu.

Anailísíodh rátálacha cigirí trí úsáid na gcúig leibhéal cáilíochta thuas. Rinneadh iad a chomhshuimiú a thuilleadh ina dhá chatagóir: *sásúil nó níos fearr* agus *níos lú ná sásúil*. Cuimsítear le *sásúil nó níos fearr* na rátálacha cáilíochta *sásúil*, *go maith* agus *an-mhaith*. Cuimsítear le *níos lú ná sásúil* na rátálacha cáilíochta *measartha* agus *lag*. Nuair a aithnítear go bhfuil an cleachtas sásúil, tá an soláthar leordhóthanach agus tá feabhsúchán de dhíth i roinnt réimsí.

Thug cigirí sna trí earnáil uile suntas fosta do shamplaí den dea-chleachtas i scoileanna agus i suíomhanna. Is iad na samplaí seo an bonn atá faoi na cás-staidéir atá sa treoir seo.

Chuir *Ag Breathnú ar an Scoil Againne (2016)* bonn eolais leis an tuairisc seo fosta.[5]

5 An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016, *Ag Breathnú ar an Scoil Againne*.

3 Foghlaim teanga i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim agus i mbunscoileanna

3.1 Suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim

Leanaí atá i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim, tá siad ag céim ríthábhachtach óir is ag an gcéim seo ina bhforbairt chognaíoch a fhorbraítear an dúshraith dá bhfoghlaim teanga amach anseo. Go deimhin, tá *Aistear: an Creat-Churaclam Luath-Óige*[6] dírithe ar cheithre théama idirnasctha chun tacú le foghlaim agus forbairt agus tá péire acu sin thar a bheith ábhartha ó thaobh tacú le forbairt teanga.

Sna suíomhanna ar thug cigirí a bhí páirteach sa mheitheal NTI cuairt orthu, breathnaíodh réimse de chleachtais a bhain le foghlaim teanga. Ina measc seo bhí aird cleachtóirí aonair ar thionscnamh feasacht teanga iasachta i measc leanaí, aibhsiú croífhocal agus íomhánna ar a mbíonn ceannteidil i dteanga iasachta a bheith ar taispeáint timpeall an fhoirgnimh. Ba mhinic a bhíodh an fócas i gcleachtais den chineál seo ar chur chun cinn cuimsiúcháin agus ilchineálachta, agus béim ar leith ar thacú le leanaí ar de chúlra teanga oidhreachta iad.

Mar shampla, i suíomh luathfhoghlama agus cúraim amháin, ba í an Pholainnis an chéad teanga a labhair na cleachtóirí agus formhór na leanaí. D'oibrigh na cleachtóirí chun cur le sealbhú stór focal na leanaí agus d'fhéach siad le cothroime a chruthú idir éisteacht agus labhairt leis na leanaí i mBéarla agus i bPolainnis araon. D'úsáid siad rímeanna agus gníomhaíochtaí aicsin chun forbairt teanga na leanaí sa Bhéarla a thabhairt chun cinn. Eagraíodh ócáidí speisialta le linn na bliana réamhscolaíochta chun na leanaí, a dtuismitheoirí agus na cleachtóirí a thabhairt le chéile. Cuimsíodh leithéidí ceiliúradh féilte Polannacha amhail' *Tłusty Czwaetek*' (Déardaoin roimh Charghas), agus ithe *nalesniki* (cácaí).

I suíomh eile, tugadh tacaíocht do theaghlaigh ar teanga bhreise acu é an Béarla (EAL) le 'cúinne cumarsáide' inar úsáideadh siombailí le cur le cumarsáid idir na leanaí agus a dtuismitheoirí. Roimh an tréimhse socrú isteach, bhí cruinniú ag cleachtóirí le tuismitheoirí. Úsáideadh na deiseanna seo chun caidreamh dearfach a chothú agus leis na cuir chuige éagsúla a úsáideann na cleachtóirí chun tacú le leanaí a phlé. D'eagraigh siad lá oscailte fosta chun gnáthaimh éifeachtacha socrú isteach a bhunú. D'úsáid cleachtóirí bileoga amhairc agus físeán chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do leanaí EAL agus a muintir le go dtuigfeadh siad éiteas agus gnáthaimh na réamhscoile. Bhí cuireadh ar thuismitheoirí fosta chun na réamhscoile trí huaire sa bhliain agus tacaíocht teanga ar fáil má ba ghá, chun foghlaim na leanaí a phlé agus na scéalta[7] agus eispéiris foghlama a mhíniú. Lena chois sin, tugadh cuid mhór eolais sa ghnáthamh laethúil amhairc agus i réimse de thaispeántais amhairc chun tacú leis na leanaí agus a muintir ar dara teanga acu é an Béarla.

I suíomh eile luathfhoghlama agus cúraim, i measc na ndeiseanna a tugadh do na leanaí chun dúshraith NTI a thógáil bhí am ciorcail grúpa nuair a chan na leanaí amhrán fáilte lena chéile i dteangacha éagsúla. Leanaí a raibh teanga theaghlaigh dhifriúil acu, iarradh orthu focail de chuid na teanga sin a theagasc dá chéile agus ghlac siad páirt ghníomhach sna gníomhaíochtaí seo, ag fiafraí dá chéile cad ba chiall do na focail agus á n-athrá. Mar a dúirt duine de na cleachtóirí. "Creideann an tseirbhís (luathfhoghlama agus cúraim) nuair a bhíonn idirghníomh dearfach cumarsáide idir

6 An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2009, Aistear: an Creat-Churaclam Luath-Óige

7 Is é is 'Scéal Foghlama' ann taifead d'fhoghlaim linbh i suíomh luathfhoghlama agus cúraim.

daoine fásta agus leanaí go spreagann sé leanaí bláthú agus a lánacmhainneacht a bhaint amach. Is é an aidhm againn timpeallacht fháilteach a chruthú ina gceiliúrtar cúlra, creideamh, cultúr agus luachanna na dteaghlach uile atá againn".

3.2 Bunscoileanna

Ar na forbairtí curaclaim a rinneadh le déanaí ag an leibhéal bunscoile, tá *Curaclam Teanga na Bunscoile*[8] do gach céim bhunscoile. Tugadh an curaclam nua seo isteach ar bhonn céimneach ó 2016 agus tá sé á thabhairt isteach anois do dhaltaí den uile chumas san uile bhunscoil. Leis an gcuraclam seo, tacaítear le foghlaim leanaí sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon agus déantar tagairtí follasacha do thacaíocht do 'feasacht teanga agus feasacht chultúrtha' agus 'éagsúlacht teanga'. Aithníonn sé fosta an réimse teangacha a labhraítear inár mbunscoileanna. Cuireann sé leanúnachas taithí agus dul chun cinn ar fáil de réir mar a aistríonn leanaí ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus uaithi sin go hiar-bhunscoil.

Is cuid thábhachtach den timpeallacht foghlama teanga de réir *Churaclam Teanga na Bunscoile* í an bhéim ar eispéiris spraiúla, tarraingteacha do na leanaí is óige. Ó thús deireadh an lae scoile, spreagtar leanaí labhairt agus freagairt lena dtuairimí, barúlacha agus smaointe de réir mar a fhorbraíonn siad teanga ó bhéal agus scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta.

Sna bunscoileanna a cuimsíodh sa taighde seo, bhí samplaí de phleanáil chúramach, chórasach, teagasc agus measúnú struchtúir teanga agus, tríd is tríd, feasacht an-mhaith ar an seicheamh ceart forbartha teanga. Thug cigirí faoi deara fosta cur chuige teanga chomhtháite nuair a d'úsáid múinteoirí struchtúir den chineál céanna i mBéarla agus i nGaeilge agus theagasc siad stór focal agus struchtúir shainiúla roimh ré leis an teachtaireacht a chur in iúl.

I mbunscoil chomhoideachais uirbeach amháin, is teanga bhreise é an Béarla ag tromlach na ndaltaí. D'oibrigh múinteoirí sa scoil sin i gcomhpháirt chun clár forbartha gairmiúla leanúnaí a cheapadh ina raibh fócas ar straitéisí sealbhú teanga. Shocraigh múinteoirí ar stór focal tábhachtach a theagasc trí úsáid réimse straitéisí. Ina measc seo bhí teagmháil daltaí le focail agus an chiall atá leo a mhéadú trí úsáid leideanna amhairc, taispeántais ranga agus anailís ar struchtúr agus ciall focal agus machnamh ar an mbunús atá le focail áirithe. Spreagadh daltaí chun naisc a dhéanamh idir focail agus struchtúir ina dteangacha baile. Leagadh béim chomhsheasmhach scoile uile ar a chur ar chumas daltaí a bheith ar a suaimhneas agus iad ag úsáid a dteanga bhaile le linn an lae scoile. Ar na straitéisí sainiúla bhí naisc a dhéanamh le teangacha baile na ndaltaí le linn gníomhaíochtaí rialta ranga, ag spreagadh daltaí leis an rolla a fhreagairt ina dteanga bhaile agus comhaireamh i réimse de theangacha. Nuair ba chuí, éascaíodh daltaí le bheith ag scríobh ina dteangacha baile agus téacsanna dátheangacha a chruthú.

Léirigh lucht ceannaireachta na scoile feasacht ar riachtanas a bheith ag daltaí go mothódh siad mar chuid de phobal na scoile agus spreag siad múinteoirí a seomraí ranga a chur i láthair ar dhóigh a léireodh comhthéacs sainiúil cultúrtha na ndaltaí ina ranganna. Léiríodh i leabharlanna agus in acmhainní ranga éagsúlacht chultúrtha agus teanga na scoile. Reáchtáil an scoil clár *Ateangairí Óga*[9]

8 An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2019, *Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile.*

9 Is é aidhm clár *Ateangairí Óga* daltaí a spreagadh chun a scileanna agus eolas teanga a fheidhmiú chun tacú le daltaí nua lena riachtanais foghlaim teanga.

agus bhíothas páirteach i gclár *Taiscéalaithe Teanga* [10]agus sa *Tionscadal Foghlaim Teaghlaigh*[11]. Ba chuidiú é an comhoibriú agus tacaíocht ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus Institiúid Oideachais Marino chun a gcuir chuige i leith NTI a fhorbairt. Ba chuidiú breise é an scoil a bheith páirteach i gclár *Bratach Bhuí* [12] chun a dtiomantas scoile uile a dhaingniú i leith ionchuimsitheacht teangacha, cultúir agus eitneachtaí éagsúla na ndaltaí.

Croítheachtaireacht amháin a bhí ag scoileanna den chineál atá sa sampla thuas an gá atá le nithe 'a choinneáil simplí'; ní gá gur rud nua é cur chun cinn na foghlama teangacha, baineann sé le hoidhreacht chultúrtha agus teanga na leanaí i ngach rang a aithint, a bhféiniúlacht a cheiliúradh ar dhóigh iomlánaíoch agus bród a chothú ina dteangacha baile. Is ríthábhachtach go dtagann an fhoireann i gceann a chéile chun comh-mhachnamh ar an dea-chleachtas sa teagasc agus foghlaim agus é a roinnt ar a chéile.

Léirítear sa sampla a leanas mar a rinne foireann bunscoile taighde ar cén chaoi a rachadh siad i mbun cumas foghlama teanga a ndaltaí ilteangacha a fhorbairt ionas go bhféadfadh daltaí an curaclam a rochtain trí úsáid teangacha baile chun 'na bearnaí a líonadh' ar shlí a mbeadh ciall léi. Go bunúsach, thug na múinteoirí stór focal Béarla agus struchtúir abairtí do dhaltaí i ndiaidh do na daltaí deis a bheith acu dul i gceann na topaice ceachta ina dteanga bhaile. Roghnaigh na múinteoirí tuismitheoirí agus caomhnóirí daltaí a bheith páirteach sa chur chuige seo agus d'fhorbair siad córas inar chruthaigh daltaí óga leabhair ghearrthóg 'Smaoinigh agus Labhair' ina raibh pictiúir a bhí bunaithe ar thopaicí a úsáideadh mar bhonn plé idir an leanbh agus an tuismitheoir ina dteanga bhaile. Ina theannta sin, d'úsáid daltaí balla sprioctheanga ina seomraí ranga mar a ndearna daltaí agus tuismitheoirí staidéar ar stór focal ina dteangacha baile bunaithe ar thopaicí. Ar an dóigh seo, tugadh deis do dhaltaí a dtuiscint coincheapúil a fhorbairt trína dteanga bhaile; thug sé seo creat dóibh a bhféadfadh múinteoirí stór focal agus struchtúir theanga Bhéarla a cheangal de.

Thuairiscigh na múinteoirí gur chuige dearfach, spreagúil a bhí ann do dhaltaí. Tá ról níos follasaí anois ag teangacha baile in imeachtaí a cheiliúrann idirnáisiúnachas; mar shampla, tá réimse níos leithne leabhar i dteangacha difriúla ar fáil anois agus iarradh ar dhaltaí scríobh i mBéarla agus ina dteanga bhaile araon. Bhí múinteoirí den bharúil gur feabhsaíodh torthaí foghlama daltaí EAL mar gheall ar cheiliúradh agus dearbhú éagsúlacht teangacha baile, gur saibhríodh an timpeallacht foghlama teanga do gach dalta agus gur feabhsaíodh na bealaí a bhféadfadh tuismitheoirí tacú le foghlaim a leanaí agus a bheith páirteach i saol na scoile.

10 I gclár *Taiscéalaithe Teanga* cuirtear chun cinn spéis daltaí i dteangacha agus ardaítear feasacht ar éagsúlacht teanga sa scoil agus sa timpeallacht is leithne araon.

11 Ba é a bhí sa *Tionscadal Foghlaim Teaghlaigh* sa scoil, tionscnamh áitiúil a ndeachaigh an comhordaitheoir Idirchaidreamh Baile is Scoile ina cheann agus inar tugadh cuireadh do theaghlaigh a bheith ag obair le chéile chun taipéis ollmhór a chruthú a léireodh éagsúlacht shaibhir theanga agus chultúrtha phobal na scoile.

12 Is é is aidhm le clár *Bratach Bhuí* tacú le scoileanna a bheith níos cuimsithí maidir le gach cultúr agus eitneacht, éagsúlacht a cheiliúradh agus cur i gcoinne ciníochais agus leithcheala.

4 Cé chomh héifeachtach atá rannpháirtíocht NTI ag foghlaimeoirí in iar-bhunscoileanna?

Táthar i ndiaidh breathnú ar shuíomhanna luathfhoghlama agus cúraim agus ar bhunscoileanna agus tugtar aird anois ar shonraí atá ag teacht ón earnáil iar-bhunscoile.

4.1 Timpeallacht foghlama

Bunchuspóir de chuid *Déanann Teangacha Nasc* é cruthú timpeallachtaí tarraingteacha foghlama teanga. Ar an iomlán, ba é toradh na gcigireachtaí gur timpeallacht foghlama shásúil nó níos fearr a bhí ag scoláirí i 98% de na ceachtanna NTI a breathnaíodh le linn cigireachtaí ábhar in iar-bhunscoileanna. I gcásanna den sórt, bhí claonadh ann rannpháirtíocht foghlaimeoirí a fheabhsú trí, mar shampla, cruthú timpeallachtaí a bhí saibhir ó thaobh ábhar clóite de mar ar taispeánadh agus ar ceiliúradh obair a chruthaigh scoláirí. Tugadh suntas do shampla de seo i dtuairisc ábhar Gearmáinise:

"Tá timpeallacht an-tarraingteach, spreagthach curtha ar fáil i seomraí ranga ina dteagasctar an Ghearmáinis. Bhí fianaise ar na ballaí d'obair agus d'ábhair scoláirí a thacaíonn le cur chuige Measúnú chun Foghlama. Ar aon dul leis an dea-chleachtas, tá leagan amach throscán an tseomra ranga neamhthraidisiúnta agus cuireann sé le cur chuige na cumarsáide i leith teagasc agus foghlaim teanga".

Lena chois sin, déanann cigirí meastóireacht ar an dáimh idir múinteoirí agus scoláirí agus cruthú timpeallachtaí oibre measúla a thacaíonn le foghlaim scoláirí fosta.

4.2 Rannpháirtíocht foghlaimeoirí

Bhí na torthaí foriomlána a bhain le rannpháirtíocht foghlaimeoirí go dearfach agus rátáladh cáilíocht na rannpháirtíochta seo mar shásúil nó níos fearr i 95% de cheachtanna measta. Thabharfadh sé seo le fios go raibh scoláirí 'ar thasc' le linn ceachtanna. I measc na gcleachtas dearfach a d'fheabhsaigh rannpháirtíocht foghlaimeoirí a sonraíodh bhí úsáid straitéisí éagsúla ceistithe ag múinteoirí, athbhreithniú agus daingniú rialta foghlama agus soláthar ábhair agus gníomhaíochtaí a difreáladh go stuama chun a chinntiú go dtugtar dúshlán gach scoláire sna gníomhaíochtaí foghlama agus gur ghnóthaigh siad de réir a gcumais. Is fiú a shonrú gur meastóireacht 'sásúil' a bhí i 15% de na ceachtanna maidir le rannpháirtíocht foghlaimeoirí, rud a thabharfadh le fios go bhfuil gá le feabhsú i roinnt réimsí. Sa mhionlach beag ceachtanna ina raibh rannpháirtíocht foghlaimeoirí 'measartha' nó 'lag', tugadh faoi deara nach raibh scoláirí in ann aird a dhíriú ar na tascanna ceachta.

Chonaic cigirí rannpháirtíocht foghlaimeoirí a bhí go han-mhaith nuair a bhí scoláirí ag úsáid na sprioctheanga go gníomhach. Tugadh go leor deiseanna sna ceachtanna seo do scoláirí a scileanna béil a fheabhsú agus é a dhéanamh ar dhóigh a chothaigh a muinín agus a ndíograis. Chomh maith leis sin, thug múinteoirí aird íogair ar fhuaimniú scoláirí aonair agus ar fhuaimiú ranga uile. Is cinntitheach tábhachtach í úsáid na sprioctheanga ag scoláirí má tá rath le bheith ar fhoghlaim teanga. Níor measadh úsáid na sprioctheanga ag scoláirí mar 'go maith' nó 'an-mhaith' ach i 28% de

cheachtanna a breathnaíodh le linn meastóireachtaí meithle. Léirítear sa toradh seo go bhfuil gá le tuilleadh rannpháirtíocht múinteoirí i bhforbairt ghairmiúil leanúnach chun muinín agus inniúlacht múinteoirí a chothú in úsáid na spriocthéanga sa teagasc agus sa chumarsáid. Ba chóir béim a chur fosta ar úsáid na spriocthéanga ag múinteoirí agus scoláirí araon ó oiliúint tosaigh múinteoirí ar aghaidh óir tacaíonn leibhéil mhaithe inniúlacht teanga le héascaíocht níos mó in úsáid na spriocthéanga sa seomra ranga. D'fhéadfadh scoileanna fosta smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar chúntóir teanga faoi scéim *Cúntóir Teanga Iasachta ROS* atá méadaithe ag an Roinn faoi Straitéis *Déanann Teangacha Nasc* d'fhonn tacú le húsáid spriocthéanga sa seomra ranga.

4.3 Taitneamh agus spreagadh scoláirí

Cé go raibh torthaí dearfacha ann faoi rannpháirtíocht foghlaimeoirí ina gcuid foghlama le linn ceachtanna NTI, bhí réimse torthaí i gceist maidir le taitneamh agus spreagadh. 93% de cheachtanna a bhí 'sásúil' nó 'níos fearr'. Is fiú a shonrú, áfach, laistigh de chatagóir 'sásúil nó níos fearr', is 'sásúil' a bhí taitneamh agus spreagadh scoláirí i 21% de na breathnóireachtaí ceachta uile. Léirítear leis na sonraí seo bearna idir rannpháirtíocht scoláirí agus taitneamh scoláirí le linn ceachtanna. Is iondúil go dtarraingítear aird i gcigireachtaí NTI ar an ngá atá le deiseanna breise ar rannpháirtíocht ghníomhach scoláirí i gceachtanna a chuireann le taitneamh agus spreagadh chomh maith le scileanna ríthábhachtacha teanga agus cumarsáide a fhorbairt.

NTI SPOTSOLAS 1

In iar-bhunscoil chomhoideachais amháin ba láidreacht shuntasach é an comhleanúnachas cleachtais i gceachtanna Fraincise agus go raibh múinteoirí na Roinne Fraincise thar a bheith eagraithe. Gníomhaíochtaí feidhmiúla, dea-bhainistithe inar spreagadh leibhéil dhoimhne foghlama an ghné ba mhó a bhain leis na ceachtanna. Cuireadh foghlaim ghníomhach chun cinn fosta trí obair i mbeirteanna agus i ngrúpaí, mar shampla; leagadh seomraí ranga amach ar dhóigh a d'éascaigh comhoibriú idir scoláirí.

Lena chois sin, d'oibrigh na múinteoirí Fraincise i ndlúthpháirt leis na múinteoirí Gearmáinise agus cruthaíodh roinn NTI amháin. Bhunaidh an roinn naisc fosta le Roinn na Gaeilge.

Ba léir go raibh múinteoirí dírithe ar shonraíocht na sraithe sóisearaí 2017 i bpleanáil agus soláthar ceachtanna, mar ar fíodh na snáithí éagsúla go cúramach isteach sa struchtúr ceachta. Mar a shonraigh múinteoir amháin. "Níl téacsleabhar ag scoláire ar bith sa tsraith shóisearach; braitheann gach múinteoir ar na sonraíochtaí chun tacú le foghlaim scoláirí."

Bhí roinnt tacaíocht scoile uile ar fáil do na múinteoirí, lena n-áirítear ionduchtú cuimsitheach, lámhleabhar foirne agus am gairmiúil comhoibrithe. Éascaíodh comhroinnt saineolais trí roinnt aontaí 'timpealláin' mar a bhféadfadh múinteoirí triail a bhaint as smaointe lena gcleachtas a fheabhsú i réimsí éagsúla lena n-áirítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, difreáil agus critéir ratha a shocrú.

Bunú roinn ábhair an-éifeachtach an toradh a bhí ar chomhshaineolas na múinteoirí ar a n-ábhar, a thoilteanaí a bhí siad foghlaim agus comhoibriú lena chéile. Chomh maith leis sin, cinntíodh trí thacaíocht na foirne bainistíochta sinsearaí don Fhraincis, lena n-áirítear leithdháileadh cuí ama don ábhar agus ceachtanna a bheith spréite go maith thar an tseachtain, go raibh am rialta teagmhála ag na scoláirí leis an ábhar.

Scrúdaigh cigirí fosta rannpháirtíocht scoláirí i dtionscnaimh theanga mar chuid d'fhócas ar spreagadh scoláirí agus ar spriocanna *Déanann Teangacha Nasc* agus bhí cláir rathúla malartaithe forbartha ag roinnt de na scoileanna le scoileanna i dtíortha eile. Tugadh suntas do roinnt dea-shamplaí de chláir mhalartaithe i dtuairiscí cigireacht ábhair, lena n-áirítear malartú Gearmáinise a thug deiseanna iontacha do scoláirí taithí a fháil ar chultúr agus teanga na Gearmáinise agus deis freastal ar scoil sa Ghearmáin. Roimh dhul chun na Gearmáine bhí na scoláirí seo páirteach i gcruthú a bhfiseáin féin sa Ghearmáinis mar chuid d'fhorbairt malartú ábhair lena scoil chomhpháirtíochta sa Ghearmáin.

Ós rud é go bhfuil costas i gceist do theaghlaigh sna cláir mhalartaithe, bhí roinnt scoileanna in ann feidhm a bhaint as tacaíocht, idir phraiticiúil agus airgeadais, dá gclár malartaithe trí thionscnaimh de chuid *Déanann Teangacha Nasc*. D'fhorbair scoil amháin díobh seo a malartú teanga le tacaíocht airgeadais a fuarthas trí *Post Primary Languages Ireland* (PPLI) faoi scéim mhalairte scoile. Bhí na scoláirí ag dúil go mór leis an gcéad chuairt ag scoláirí na hÉireann ar scoil sa Fhrainc, socraithe do mhí Eanáir 2020, agus léiríonn sé seo mar is féidir rannpháirtíocht scoláirí i bhfoghlaim teanga a chothú. Mar a chuir duine dá múinteoirí síos air:

> "Tá an t-ádh orainn an malartú Fraincise seo a bheith againn! Táimid ag dul ann ar feadh 11 lá, ansin tiocfaidh scoláirí na Fraince ar cuairt againne i mí an Mhárta. Tá grúpa curtha ar bun againn ar ár n-ardán TF, go díreach le scoláirí a spreagadh le frásaí a chabhródh leo sa Fhrainc ar nós, 'cuir chugam an salann le do thoil' ("Passe-moi le sel, s'il te plaît")".

Féadann scoileanna fosta smaoineamh ar dheiseanna eile le teagmháil dhíreach a dhéanamh le teanga agus cultúr phobal na sprioctheanga. D'fhéadfaí r-Nascadh, mar shampla, a chuimsiú. Cuireann an clár seo ar chumas scoileanna ar fud na hEorpa cumarsáid a dhéanamh, comhoibriú agus tionscadail a fhorbairt. Tá r-Nascadh á chómhaoiniú ag Erasmus+, an clár Eorpach Oideachais, Oiliúna, Óige agus Spóirt.

NTI SPOTSOLAS 2

In iar-bhunscoil buachaillí amháin ar a bhfuil 650 scoláire, bhí trí NTI ar fáil - an Fhraincis, an Ghearmáinis agus an Spáinnis. Ós rud é gur tairgeadh Spáinnis in dhá bhanda roghanna sa tSraith Shóisearach, d'fhéadfadh scoláirí an Spáinnis agus NTI amháin eile a roghnú.

Ghlac an scoil páirt in Erasmus+, clár AE a thugann deiseanna d'Eorpaigh eolas agus taithí a fhorbairt agus a chomhroinnt ar institiúidí agus in eagraíochtaí i dtíortha difriúla. Thug an clár a bhí i bhfeidhm sa scoil an-chuid fuinnimh agus dul chun tosaigh don fhoghlaim NTI agus is as tionscnamh pobail a d'eascair sé. Bhí pobal sa sráidbhaile in aice láimhe i bhfách lena n-oidhreacht Lochlannach a chur chun cinn trí nascadh le Catoira, an Spáinn agus d'iarr ar an scoil a bheith páirteach i malartú scoláirí. Rinneadh stair Catoira a chomóradh i mí Lúnasa le "Oilithreacht Lochlannach". Bhí athchruthuithe ionsaithe Lochlannacha mar chuid den fhéile leithleach seo. Ghlac na scoláirí Idirbhliana uile páirt sa mhodúl Erasmus+ seo. Bhain siad sult as am duine le duine, ag úsáid meáin dhigiteacha i rith ceachtanna lena gcomhscoláirí Spáinneacha agus d'oibrigh siad le chéile ar thionscadail.

Féadann foireann sinsearach scoileanna rannpháirtíocht foghlaimeoirí agus tacaíocht fhoriomlán do nuatheangacha a éascú. Is é an cuspóir, mar atá maíte go follasach in *Déanann Teangacha Nasc*, go mbeidh 100% d'iarrthóirí sa tsraith shóisearach ag gabháil do theanga iasachta i scrúduithe 2026. Is sprioc dhúshlánach é seo do scoileanna, go háirithe do scoileanna ina bhfuil líon na scoláirí ag gabháil do theangacha ag laghdú. Mar sin de, iarrtar ar mhúinteoirí agus bainistíocht shinsearach ceannaireacht agus nuálaíocht a léiriú i gcur chun cinn foghlaim teanga do gach dalta.

D'fhonn tacú le scoileanna ar an aistear seo, tá an PPLI i ndiaidh dul i gceann réimse beart. Áirítear leo forbairt acmhainní, oiliúint fheabhsaithe do chúntóirí teanga, na pobail chleachtais in NTI a mhéadú, comhdhálacha teanga a eagrú, tacú le teangacha neamhfhorleathana, tacú le campaí samhraidh teanga do scoláirí teanga oidhreachta, agus leabharlanna scoile a spreagadh le hacmhainní a thairiscint i dteangacha baile. Tá tuilleadh forbairt ghairmiúil ar fáil trí sheirbhísí tacaíochta eile agus trí obair thiomanta na gcumann múinteoirí teanga ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon.

Is iondúil go dtairgeann scoileanna móra an réimse is leithne teangacha do scoláirí. Léirítear i sonraí a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in *Táscairí Oideachais in Éirinn* (Deireadh Fómhair 2019)[13] go bhfuil an céatadán scoileanna atá ag tairiscint dhá theanga iasachta ar a laghad ag méadú: in 2014, thairg 70% de scoileanna dhá theanga iasachta ar a laghad; faoi 2018, mhéadaigh sé seo go dtí 74% de scoileanna. De réir Chiorclán DES 0031/2019, foráiltear leithdháileadh uaireanta breise chun iar-bhunscoileanna a dhreasú le teangacha breise iasachta a thabhairt isteach. Léirítear leis seo go bhfuil roghanna scoláirí i leith na teanga is mian leo a fhoghlaim ag méadú; i roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé a léiriú go bhfuil scoileanna ag cur ar chumas scoláirí a bheith ag gabháil do níos mó ná NTI amháin. Tá sé seo le moladh óir tacaíonn sé le haidhm *Déanann Teangacha Nasc* réimse níos leithne de roghanna teanga a chur ar fáil do scoláirí.

13 An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2019, *Táscairí Oideachais d'Éirinn.*

NTI SPOTSOLAS 3

Bhí iar-bhunscoil cailíní amháin ag tairiscint trí ábhar NTI: An Fhraincis, an Ghearmáinis agus an Spáinnis. Cuimsíodh fosta i gclár Idirbhliana na scoláirí módúil éigeantacha samplála sa tSínis, Iodáilis agus Seapáinis. Baill foirne de chuid na scoile féin a theagasc Sínis agus Iodáilis - bhain an scoil leas iomlán as láidreachtaí, scileanna, buanna agus cáilíochtaí a gcuid múinteoirí féin. Múinteoir seachtrach, a thug cuairteanna fosta ar scoileanna eile mar chuid den tionscnamh Teangacha, a theagasc Seapáinis. Bhí de rogha ag scoláirí leanúint den tSeapáinis mar ábhar breise i ndiaidh na scoile sa chúigiú agus sa séú bliain. Tugadh cuireadh do scoláirí as scoileanna eile dul i bpáirt leo.

Cuimsíodh sa chlár Idirbhliana fosta Modúl Chultúr na hEorpa do gach scoláire a dhírigh ar ghnáthshaol agus saincheisteanna sa Fhrainc, sa Spáinn agus sa Ghearmáin. Ar na gníomhaíochtaí Idirbhliana bhí tóraíocht taisce, i nGarraithe na Lus atá in aice láimhe, d'fhoirne scoláirí agus ar gach foireann bhí scoláire Fraincise, Gearmáinise agus Spáinnise. Scríobhadh na leideanna i meascán de NTInna chun comhoibriú foirne a chinntiú. Ar lá na dteangacha, thug an scoil le chéile scoláirí na chéad bhliana, an dara bliain agus an chúigiú bliain agus iarradh ar scoláirí idirnáisiúnta cúpla focal ina dteanga féin a rá agus a theagasc dá bpiaraí.

5 Cé chomh héifeachtach atá cleachtais reatha teagaisc in NTI?

5.1 Gnóthachtáil cuspóirí foghlama

Bhí torthaí réasúnta measctha i gceist maidir le gnóthú cuspóirí ceacht teanga. In 74% de na ceachtanna a breathnaíodh bhí gnóthú na gcuspóirí foghlama 'go maith' nó 'an-mhaith', 16% de na ceachtanna, bhí siad sásúil agus bhí an 10% eile 'measartha' nó 'lag'. Ina theannta sin, maidir le gach ceacht NTI a breathnaíodh, ní raibh úsáid an mheasúnaithe chun tacú le foghlaim teanga 'go maith' nó 'an-mhaith' ach i 68% acu agus bhí beagnach 23% de na ceachtanna 'sásúil' sa réimse seo. Nuair a d'aithin cigirí go raibh easnaimh ann sa dóigh a raibh straitéisí measúnaithe á n-úsáid chun tacú le foghlaim, tugadh comhairle sna tuairiscí cigireachta ábhar ar cén chaoi é seo a fheabhsú, mar shampla, trí athchuairt ar na cuspóirí foghlama le linn an cheachta, trí athbhreithniú foghlama ag scoláirí a chuimsiú mar ghníomhaíocht chonclúide nó trí sholáthar aiseolas múnlaitheach a shíneadh ionas go dtuigfidh scoláirí an chomhairle a thugann a múinteoir agus beart a dhéanamh dá réir.

Gnóthachtáil cuspóirí foghlama



5.2 Tacaíocht ionranga do riachtanais foghlama

Measadh tacaíocht ionranga do riachtanais scoláirí aonair foghlaim teanga mar 'go maith' nó 'an-mhaith' i 71% de na ceachtanna a breathnaíodh agus i 22% de na ceachtanna measadh tacaíocht a bheith 'sásúil'.

Tacaíocht ionranga do *riachtanais* foghlama



Tá ábharthacht ar leith ag baint leis an toradh seo i gcomhthéacs timpeallacht foghlama níos tarraingtí a chruthú agus léiríonn sé gá, i líon suntasach scoileanna, le tuiscint níos fearr agus le húsáid difreála ag múinteoirí agus comhoibriú méadaithe laistigh de ranna ábhair teanga/NTI. I gcomhthéacs athleasú na sraithe sóisearaí agus sonraíocht ar comhleibhéal, ba chóir go bhfeabhsódh tuilleadh comhoibrithe na féidearthachtaí le straitéisí a fhorbairt a thacaíonn le scoláirí de gach cumas acadúil le linn ceachtanna teanga. D'fhéadfadh sé go gcuimseofaí ina leithéid de straitéisí forbairt teagasc foirne laistigh den roinn ábhair chun torthaí scoláirí a fheabhsú a oiread agus is féidir.

5.3 Ullmhúchán teagaisc agus bainistíocht ranga

Bhí ullmhúchán 'go maith' go dtí 'an-mhaith' le sonrú i 83% de na ceachtanna NTI a breathaíodh agus i 13% eile bhí an t-ullmhúchán 'sásúil'. D'fhonn tógáil ar an toradh dearfach seo, moltar rannpháirtíocht leanúnach leis na seirbhísí tacaíochta chun cuidiú le múinteoirí a n-inniúlacht oideolaíochta, teangeolaíochta agus soch-chultúrtha a chothabháil agus a fheabhsú.

Lena chois sin, measadh bainistíocht ranga a bheith 'sásúil' nó níos fearr i mbeagnach 99% de na ceachtanna a breathnaíodh; is toisc thábhachtach í seo chun a chinntiú gur ionaid tharraingteacha foghlama iad timpeallachtaí seomra ranga.

Ullmhúchán teagaisc



5.4 Cuir chuige teagaisc

Léirítear sna sonraí foriomlána a bhaineann le cuir chuige teagaisc go raibh beagán níos mó ná 6% de na ceachtanna a breathnaíodh ina raibh cuir chuige teagaisc a bhí ag ceann íseal an chontanaim cáilíochta (lag nó measartha), bhí cur chuige teagaisc 'sásúil' i mbeagnach ceathrú de na ceachtanna (23%) agus measadh 70% den na ceachtanna mar 'go maith' nó 'an-mhaith'. Thabharfadh sé seo le fios go bhféadfaí cuir chuige teagaisc a fhorbairt chun torthaí scoláirí a fheabhsú a oiread agus is féidir.

Cuir chuige teagaisc



Is minic a thagraítear i dtuairiscí cigireachta d'easpa deiseanna do scoláirí páirt ghníomhach a ghlacadh ina bhfoghlaim teanga agus don iomarca béime ar chaint múinteoirí mar ghnéithe de cheachtanna inar gá cáilíocht an teagaisc a fhorbairt a thuilleadh. Dá ngnóthófaí cothroime ní b'fhearr idir caint múinteoirí agus caint scoláirí, dhéanfaí foghlaim scoláirí a fheabhsú óir deiseanna níos fearr ag scoláirí dul i mbun na sprioctheanga lena múinteoir agus lena chéile an toradh a bheadh air. I gcomhthéacs sainiúil ceachtanna NTI, is den ríthábhacht níos mó úsáide a bhaint as an sprioctheanga ag múinteoirí agus ag scoláirí araon. Is í an sprioctheanga an teanga atá na scoláirí a fhoghlaim agus i seomra ranga sraithe sóisearaí, mar shampla, b'iondúil gur Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis nó Spáinnis a bheadh i gceist. Bíonn deiseanna de dhíth ar fhoghlaimeoirí labhairt sa sprioctheanga i ngach ceacht agus ba chóir deiseanna rialta a thabhairt dóibh sprioctheanga nua atá sealbhaithe acu a chleachtadh i gcomhthéacsanna difriúla.

Ar ndóigh, díríodh aird ar dhea-chleachtas sa réimse seo i roinnt tuairiscí cigireachta: "Bhí úsáid na sprioctheanga ag múinteoirí ar fheabhas agus úsáideadh Gearmáinis ar shlí an-éifeachtach i ngach ceacht. Bhí úsáid na sprioctheanga ag scoláirí go han-mhaith agus tugadh go leor deiseanna d'fhoghlaimeoirí i gceachtanna chun a scileanna béil a thabhairt chun cinn."

Scrúdaigh meitheal NTI na Cigireachta a mhéad a úsáideadh cuir chuige teagaisc FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha) sna scoileanna a breathnaíodh. Tá sé seo ar aon dul le Beart 1.E.3 in *Déanann Teangacha Nasc* ina bhféachtar le scéim phíolótach FCÁT a thionscnamh san Idirbhliain, "mar a bhfuil acmhainn múinteoirí, mar shampla Gnó/Gearmáinis, Stair/Fraincis". De réir sonraí a bailíodh, áfach, cé gur labhair múinteoirí agus príomhoidí go dearfach faoi bhuntáistí FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha), níor sonraíodh aon sampla den mhodheolaíocht seo sa chleachtas. Tá scóip ann feasta chun straitéisí a fhorbairt a éascaíonn cur chuige FCÁT i leith teagasc NTI. Tá scéim phíolótach FCÁT in NTI á tabhairt chun cinn faoi láthair, faoi cheannaireacht PPLI agus Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus de chuspóir aici rannpháirtíocht a mhéadú agus a leathadh de réir mar a fhorbraítear an clár.

5.5 Tacaíocht ionscoile do scoláirí EAL

Le linn na gcuairteanna cigireachta a rinneadh mar chuid de thascanna mheitheal NTI, thug cigirí suntas fosta do roinnt samplaí den dea-chleachtas maidir le tacú le scoláirí ar teanga bhreise acu é an Béarla. I scoil amháin ar tugadh cuairt uirthi, bhain scoláirí as ballstáit den Aontas Eorpach leas as

scrúduithe neamhchuraclaim ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Cuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit na scrúduithe seo ar fáil in ábhair éagsúla i réimse na dteangacha. Ní cuid den ghnáthchuraclam scoile iad ach féadann scoláirí iad a shuí má chomhlíonann siad critéir áirithe. Mar shampla, is teangacha de chuid an AE iad an Fhionlainnis, an Chróitis agus an Ollainnis atá ar fáil mar scrúdú má chomhlíonann iarrthóirí coinníollacha áirithe.

Nuair a tugadh isteach le déanaí gearrchúrsaí sa Liotuáinis agus sa Pholainnis, le cois tabhairt isteach roimh i bhfad sonraíochtaí sa Liotuáinis, sa Pholainnis agus sa Phortaingéilis, tá deis ag scoileanna na teangacha oidhreachta agus tuilleadh éagsúlacht teanga a chur chun cinn a thuilleadh. Breathnaíodh fosta tacaíocht á tabhairt do chainteoirí neamhdhúchais chun a gcumas sa Bhéarla a fhorbairt i roinnt suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim agus i mbunscoileanna ar tugadh cuairt orthu. Léirítear leis seo, d'ainneoin nach bhfuil teagasc NTI leabaithe sna hearnálacha seo, tá iarrachtaí fiúntacha ar siúl i mbunscoileanna agus i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim le freastal ar riachtanais foghlaimeoirí ar de chúlraí teanga oidhreachta iad. Lena chois sin, is fiú aitheantas a thabhairt don réimse tacaíochtaí a thairgeann PPLI maidir le teangacha oidhreachta, lena n-áirítear acmhainní, bileoga, FGL agus soláthar múinteoir cuartaíochta.

6 Achoimre ar Chinntí agus moltaí le haghaidh forbartha

6.1 Torthaí foriomlána

- **Cé chomh héifeachtach atá rannpháirtíocht NTI ag foghlaimeoirí in iar-bhunscoileanna?**

  - Ar an iomlán, ba é toradh na gcigireachtaí gur timpeallacht foghlama ‘shásúil’ nó níos fearr a bhí ag scoláirí i 98% de na ceachtanna NTI a breathnaíodh le linn cigireachtaí ábhar in iar-bhunscoileanna.

  - Measadh go raibh cáilíocht rannpháirtíocht foghlaimeoirí in iar-bhunscoileanna ‘sásúil’ nó níos fearr i 95% de na ceachtanna; dea-thuar é seo maidir le foghlaim rathúil teanga.

  - Maidir le torthaí a bhain le taitneamh agus spreagadh scoláirí san fhoghlaim, bhí 72% de cheachtanna ‘go maith’ nó ‘an-mhaith’ agus bhí 21% eile de na ceachtanna a breathnaíodh ‘sásúil’.

  - Tá ceannaireacht léirithe ag roinnt scoileanna i bhforbairt cláir rathúla mhalairte le scoileanna i dtíortha eile.

- **Cé chomh héifeachtach atá cleachtais reatha teagaisc in NTI?**

  - Measadh bainistíocht ranga a bheith ‘sásúil’ nó níos fearr i mbeagnach 99% de na ceachtanna a breathnaíodh in iar-bhunscoileanna; is toisc thábhachtach í seo chun a chinntiú gur ann do dhálaí tarraingteacha foghlaim teangacha.

  - Bhí ullmhúchán ‘go maith’ go dtí ‘an-mhaith’ le sonrú i 83% de na ceachtanna NTI a breathaíodh agus i 13% eile bhí an t-ullmhúchán ‘sásúil’.

  - Measadh go raibh cuir chuige teagaisc ‘go maith’ nó ‘an-mhaith’ i 70% de cheachtanna, bhí beagnach ceathrú cuid (23%) de na ceachtanna ‘sásúil’ agus i mionlach beag bhí scóip shuntasach ann chun cuir chuige teagaisc a fhorbairt.

  - I 75% de na ceachtanna NTI a breathnaíodh, bhí gnóthú cuspóirí foghlama ‘go maith’ nó ‘an-mhaith’ agus measadh 16% eile a bheith ‘sásúil’.

  - I 68% de gach ceacht NTI a breathnaíodh, bhí úsáid measúnachta chun tacú le foghlaim teanga ‘go maith’ nó ‘an-mhaith’ agus bhí beagnach 23% eile de na ceachtanna ‘sásúil’.

  - Measadh tacaíocht sa rang do riachtanais scoláirí aonair ó thaobh foghlaim teanga de mar ‘go maith’ nó ‘an-mhaith’ i 71% de na ceachtanna a breathnaíodh agus measadh 22% eile a bheith ‘sásúil’.

- Áirítear leis na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do chainteoirí teanga oidhreachta faoi láthair soláthar scrúduithe neamhchuraclaim in iar-bhunscoileanna. Lena chois sin, tairgeann PPLI réimse tacaíochta do theangacha oidhreachta, lena n-áirítear acmhainní, bileoga, FGL agus soláthar múinteoir cuartaíochta.

- D'ainneoin nár breathnaíodh é le linn na gcigireachtaí inar cuimsíodh critéir a bhaineann le *Déanann Teangacha Nasc*, labhair príomhoidí agus múinteoirí go dearfach faoi bhuntáistí féideartha cur chuige FCÁT san Idirbhliain.

6.2 Na chéad chéimeanna eile:

I bhfianaise na dtorthaí agus na gcuspóirí in *Déanann Teangacha Nasc*, ba chóir smaoineamh ar na chéad chéimeanna eile seo a leanas.

- I gcuid mhór cásanna, teastaíonn níos mó deiseanna chun foghlaim ghníomhach a bhfuil an scoláire ina croílár a chur chun cinn; ba chóir go gcuimseofaí tuilleadh úsáide a bhaint as an sprioctheanga ag múinteoirí agus scoláirí araon, rannpháirtíocht ghníomhach scoláirí san fhoghlaim agus forbairt agus cur chun cinn tionscnaimh theanga amhail is cláir mhalairte scoile. Ba chóir do mhúinteoirí fosta smaoineamh ar dheiseanna chun an t-ábhar a fhorbairt agus a chur chun cinn, lena n-áirítear cláir tharraingteacha comhchuraclaim agus seach-churaclaim.

- Léirítear i sonraí a bailíodh ó chigireachtaí ábhair gur gá do mhúinteoirí dul i gceann forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) atá ar fáil faoi láthair chun tacú le cleachtais éifeachtacha teagaisc NTI. D'fhéadfadh sé go gcuimseofaí ina leithéid de FGL acmhainní digiteacha ábhartha a aimsiú, dul i mbun cúrsaí in ionaid oideachais áitiúla, agus cuairteanna staidéir ar thíortha sprioctheanga.

- Moltar tacaíocht leanúnach do theangacha oidhreachta ar aon dul le cuspóirí *Déanann Teangacha Nasc*. Áirítear leis seo leas a bhaint as na gearrchúrsaí sa Liotuáinis agus sa Pholainnis chomh maith leis na sonraíochtaí nua curaclaim atá le tabhairt isteach i leith roinnt teangacha. Is deis é chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chohórt scoláirí nach é an Béarla a dteanga dhúchais.

- Is deis í an scéim phíolótach FCÁT do gach duine a bhfuil baint acu le ceannaireacht agus cur chun cinn foghlaim teanga chun tuilleadh fiosruithe a dhéanamh ar na buntáistí agus na deiseanna a bhaineann le tabhairt isteach FCÁT i gcláir Idirbhliana.

- **Oideachas Tosaigh Múinteora/Cleachtóra**

- Ba chóir béim a chur fosta ar thábhacht úsáid na sprioctheanga ag múinteoir agus scoláire araon le linn oideachas tosaigh múinteoirí óir tacaíonn leibhéil mhaithe inniúlacht teanga le héascaíocht níos mó in úsáid na sprioctheanga sa seomra ranga.

- D'fhonn tacú le cláir oideachas tosaigh múinteora/cleachtóra ba chóir smaoineamh ar mhodúil a chuimsiú sna cláir atá bunaithe ar fhoghlaim dara teanga agus teangacha eile ina dhiaidh sin, tumoideachas agus oideachas dátheangach.

- Is fiú fosta smaoineamh ar mhodúil a thabhairt isteach a thacaíonn le comhtháthú teangacha sna comhthéacsanna luathfhoghlama agus cúraim agus bunscoileanna le cois deiseanna chun múinteoirí iar-bhunscoile faoi oiliúint a ullmhú le haghaidh tabhairt isteach FCÁT san Idirbhliain.

Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) Múinteoirí / Cleachtóirí

- Moltar béim leanúnach ar úsáid na sprioctheanga ag múinteoirí agus scoláirí araon agus cuairteanna ar thír na sprioctheanga a chuimsiú nuair is féidir. Moltar do mhúinteoirí na deiseanna atá ar fáil san fhoghlaim dhigiteach, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, na seirbhísí tacaíochta agus ó na seirbhísí bainteacha cultúrtha a thapú agus a fhiosrú.

- Ba chóir go gcuimseofaí sa FGL múinteoirí/ cleachtóirí, cumasc de staidéir theoiriciúla agus phraiticiúla ar fhoghlaim agus sealbhú teanga, bunaithe ar dhea-chleachtas agus pleanáil agus a chuireann san áireamh an réimse cumais ag scoláirí.

- Maidir leis na scoileanna atá ag machnamh ar FCÁT, moltar soláthar FGL chun ábhair eile a chur ar fáil trí mheán nuatheanga iasachta.

- Moltar úsáid réimse is leithne straitéisí measúnachta múnlaithí ag scoláirí le go gcuimseofar féinmheasúnú scoláire, piarmheasúnú agus obair ar phunann scoláire chun torthaí d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú.

An Roinn Oideachais agus Scileanna

- Ós rud é go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar scileanna litearthachta, is tráthúil go bhfuiltear ag smaoineamh ar an tionscnamh Nua-theangacha i mbunscoileanna a thabhairt ar ais.

- Moltar go mór uas-sciliú rialta teanga mar chuid de FGL múinteora.

Curaclam/ polasaí

- Ba chóir d'fhorbróirí curaclaim agus polasaí béim a leagan ar an tábhacht atá le húsáid na sprioctheanga sa seomra ranga agus ról lárnach an mhúinteora mar léirshamhail teanga. Chomh maith leis sin, ba chóir tuilleadh béime a chur ar FCÁT.

- Ba chóir leanúint d'fheidhmiú na mbeart atá leagtha amach in *Déanann Teangacha Nasc* ar bhonn tráthúil.

- Ba chóir smaoineamh ar athbhreithniú churaclam na bunscoile ag CNCM i dtéarmaí soláthar NTI.

- Ba chóir tabhairt isteach ceithre shonraíocht nua do nuatheangacha iasachta Ardteistiméireachta a thabhairt chun cinn le freastal ar chomhthéacs foghlaim teanga scoláirí agus iad ag teacht as an tsraith shóisearach.

7 Machnamh ar NTI - Próiseas na Féinmheastóireachta Scoile

Do mhúinteoirí teangacha, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach cloí leis an bpróiseas féinmheastóireachta scoile sé chéim chun réimsí de NTI atá ag feidhmiú go maith sa scoil a dhearbhú agus réimsí de sholáthar NTI a mbeadh sé lena leas athbhreithniú agus forbairt bhreise a dhéanamh orthu a aithint.

Is próiseas comhoibríoch, athmhachnamhach í féinmheastóireacht scoile (FMS) atá dírithe ar fheabhsúchán scoile uile. Cuirtear próiseas ar fáil le go bhféadann scoileanna díriú ar réimsí tosaíochta, buanna agus réimsí le haghaidh feabhsúcháin a aithint agus pleanáil i gcomhair feabhsúcháin atá de dhíth sa teagasc agus san fhoghlaim agus iad a thabhairt chun feidhme. Is féidir FMS a úsáid ag leibhéal scoile uile agus ag leibhéal roinne an ábhair araon. Ba chóir go mbeadh sreabhadh faisnéise anonn is anall idir réimsí fócais scoile uile agus réimsí fócais ag leibhéal roinne an ábhair. D'fhéadfadh scoileanna socrú ar FMS a eagrú ag leibhéal roinne an ábhair ionas go mbeidh de thoradh air próiseas feabhsúchán roinne a bheidh mar chuid de phleanáil fhoriomlán feabhsúcháin scoile.

Mar a léirítear in *Déanann Teangacha Nasc*, dírítear i gCuspóir 1 ar *'Timpeallacht foghlama níos tarraingtí a chruthú'*. Áirítear leis seo foráil go dtabharfaidh Cigirí na Roinne, trína bpróisis meastóireachta agus comhairleacha, tacaíocht dhearfach d'oideachas ardchaighdeáin teanga iasachta d'fhoghlaimeoirí. Áirítear leis seo fosta comhairle agus treoir do scoileanna faoi úsáid na féinmheastóireachta scoile, faoi phleanáil scoile chun oideachas teanga iasachta a fheabhsú agus faoi réimse de chuir chuige meastóireachta chun monatóireacht a dhéanamh agus tuairisciú ar cháilíocht oideachas teanga iasachta.

Sa chomhthéacs sin, moltar go smaoineoidh ranna ábhar NTI ar an bpróiseas féinmheastóireachta scoile sé chéim a fheidhmiú ina n-athbhreithnithe inmheánacha féin. Chuige seo, moltar do scoileanna feidhm a bhaint as treoirlínte *Ag Breathnú ar an Scoil Againne*[14] agus *Féinmheastóireacht Scoile*[15].

14 An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016, *Ag Breathnú ar an Scoil Againne.*
15 An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016, *Treoirlínte Féinmheastóireacht Scoile 2016-2020.*

Féinmheastóireacht scoile a úsáid chun tacú le hathmhachnamh i do roinn ábhair

Úsáid FMS chun tacú le teagasc agus foghlaim NTI - sampla praiticiúil

	Scoil Uile	Roinn na Nuatheangacha Iasachta
Fócas a aithint	Sampla: Taithí an fhoghlaimeora a fheabhsú d'fhonn folláine scoláirí a fheabhsú agus tacú le torthaí foghlama níos fearr	Ceisteanna a fhiafraí dínn féin mar mhúinteoirí, m.sh. An bhfuilimid, mar mhúinteoirí, ag cur tascanna saibhre a bhfuil a sáith dúshláin iontu i láthair scoláirí a thacaíonn le forbairt a scileanna teanga?
Fianaise a bhailiú	Fócasghrúpa scoláirí Ceistneoir do gach scoláire/sampla de scoláirí	Éisteacht le guth na scoláirí inár ranganna teanga agus a shocrú cé na huirlisí atá le húsáid chun fianaise bhailí iontaofa a bhailiú ó scoláirí Obair scoláirí a iniúchadh chun leibhéil rannpháirtíochta, taitnimh agus spreagtha scoláirí a fháil amach
Anailísiú agus breithiúnais a dhéanamh	Cé chomh maith atá an taithí foghlaimeora sa scoil againn? Cé na nithe atá le feabhsú againn?	Cé chomh maith atá an taithí foghlaimeoir NTI?
Tuairisc agus plean feabhsúcháin a scríobh agus a roinnt	Réimsí na taithí foghlaimeora scoile uile atá go maith agus na réimsí ina n-aithnítear gá le feabhsú Spriocanna SICRU (Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch, Uainithe) a shocrú	Toradh: 'Forbraíonn múinteoirí ar bhonn rialta gníomhaíochtaí dúshlánacha do scoláirí: d'fhéadfadh tuilleadh gníomhaíochtaí a eascairt óna réimsí spéise agus óna gceisteanna féin' Mionsonraí a thabhairt ó na torthaí ó na scoláirí NTI Spriocanna SICRU a shocrú chun tascanna foghlama saibhre, doimhne a fhorbairt do scoláirí NTI
Plean feabhsúcháin a chur i bhfeidhm	Comhoibriú tras-rannach agus scoile uile ar cén chaoi na spriocanna maidir le taithí foghlaimeoirí a fheabhsú a chur i bhfeidhm	Comhoibriú laistigh den roinn NTI ar cén chaoi dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na spriocanna aitheanta
Bearta a mhonatóiriú agus tionchar a mheas	An raibh an próiseas inbhainistithe? Dul chun cinn a mhonatóiriú Ar baineadh na spriocanna amach? Cén chaoi ar thacaigh an plean feabhsúcháin chun taithí an fhoghlaimeora a fheabhsú d'fhonn folláine scoláirí a fheabhsú agus tacú le torthaí foghlama níos fearr? An raibh an próiseas fiúntach?	Dul chun cinn a mhonatóiriú Ar baineadh na spriocanna amach? Cén chaoi ar thacaigh an plean feabhsúcháin le feabhas a chur ar sholáthar tascanna saibhre, ina raibh dúshláin chuí a thacaíonn le forbairt scileanna teanga? An raibh an próiseas inbhainistithe/ fiúntach sa roinn NTI? Cén chaoi ar féidir linn leanúint de thacú leis an bpróiseas?

Buíochas

Buíochas ó chroí leis na scoileanna agus leis na suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim seo a leanas ónar tarraingíodh na samplaí dea-chleachtais teagaisc agus foghlama teanga:

Toad Hall Childcare, Baile Chill Dara, Cill Dara

Young Explorers Club, Baile Átha Cliath 15

Bright Minds, Co. Shligigh

Bunscoil Mhuire, Baile Átha Cliath 7

Scoil Náisiúnta Naomh Iósaef, Co. an Longfoirt

Scoil Náisiúnta Cholm Cille do Chailíní, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Pobalscoil Chill Droichid, Co. Chill Dara

Meánscoil Mhuire an Chreidimh Naofa, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 11

Coláiste De La Salle, Dún Dealgan, Co. Lú

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Tá an tuairisc leagtha amach go príomha chun léargas a thabhairt ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i leith nuatheangacha iasachta (NTI) in iar-bhunscoileanna agus chun cuidiú le scoileanna agus/nó le múinteoirí aonair teagasc agus foghlaim NTI a fheabhsú.

Sa doiciméad seo, cuirtear i láthair buntorthaí na gcigireachtaí ábhar iar-bhunscoile ar NTI a rinneadh idir Deireadh Fómhair 2016 agus Meán Fómhair 2019.

Cé nach cuid de na curaclaim luath-óige ná bunscoile iad nuatheangacha iasachta, shonraigh cigirí cleachtais nuálaíocha sna hearnálacha sin. Cuimsítear sa tuairisc seo mír ar eispéireas na bpáistí sin ar fhoghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise.

Cuirfear ar fáil sa tuairisc roinnt faisnéis bhunlíne don chóras maidir le cur chun feidhme Déanann Teangacha Nasc. Tá d'aidhm aici fosta bonn eolais a chur faoi bhearta ba chóir a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir na cuspóirí náisiúnta NTI a bhaint amach.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland